

ANAILÍSÍ
SONRAÍOCHT PHOIST 2021

Ról:	Anailísí
Tuairisciú le:	Bainisteoir Rannáin
Post:	Buan
Láthair	Tamhlacht , Baile Átha Cliath 24 /An deis chun bheith ag obair ó chian suas go 3 lá sa tseachtain
Tuairiscí Díreacha:	Ceann ar bith

Is é an Coimisiún um Rialáil Fónais rialálaí neamhspleách fuinnimh agus uisce na hÉireann a bhfuil réimse fairsing freagrachtaí geilleagracha, sábháilteachta agus cosanta custaiméirí air.

Rialáil Gheilleagrach

Is é an Coimisiún um Rialáil Fónais rialálaí geilleagrach earnálacha leictreachais agus gáis nádúrtha na hÉireann agus seirbhísí poiblí uisce agus fuíolluisce in Éirinn. Is é aidhm fhoriomlán ról rialála geilleagraí an Coimisiún um Rialáil Fónais leasanna custaiméirí a chosaint agus slándáil agus inbhuanaitheacht na soláthairtí gáis, leictreachais agus uisce a chothú agus cur lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta i gcomhthráth chun dul i ngleic le hathrú aeráide.

Rialáil Sábháilteachta

Áirítear le sainchúram sábháilteachta an Coimisiún um Rialáil Fónais conraitheoirí leictreacha, suiteálaithe gáis agus Gáis Peitrlíam Leachtaithe agus oibriú sábháilte an líonra gáis ar an gcladach ag féachaint le beatha agus réadmhaoin a chosaint. Tá an Coimisiún um Rialáil Fónais freagrach freisin as rialáil sábháilteachta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí peitrlíam suas an abhainn, gás agus ola amach ón gcósta san áireamh.

An Custaiméir a Chosaint

Tá feidhmeanna tábhachtacha cosanta ag an Coimisiún um Rialáil Fónais san fhuinneamh agus san uisce, go háirithe a chinntiú go gcuirtear riachtanais chustaiméirí leochaileacha san áireamh. Cuireann an Coimisiún um Rialáil Fónais seirbhís réitigh díospóide ar fáil freisin do ghearáin a dhéanann custaiméirí le cuideachtaí fuinnimh agus uisce. Glacann an Coimisiún um Rialáil Fónais ceannas freisin ar thionscnaimh mhóra chun claochlú seirbhísí a sholáthar, mar shampla, an clár náisiúnta méadraithe chliste, atá dírithe ar uasghrádú chuig an gcéad ghlúin eile de mhéadair agus seirbhísí fuinnimh.

An bhfuil an Fuinneamh AGAT?

Tá daoine aonair a dhéanann éachtaí móra á lorg anois ag an Coimisiún um Rialáil Fóntais chun tosú ag oibriú leis an eagraíocht agus a ról a ghlacadh i dtodhchaí na n-earnálacha fuinnimh agus uisce in Éirinn, a dhíríonn ar fheidhmeanna geilleagracha, sábháilteachta agus cosanta custaiméirí na heagraíochta.

Más mian leat bheith mar chuid d'eagraíocht chéimnitheach agus dhinimiciúil, athrú a chur chun cinn agus leas an phobail a chosaint i bpríomhlíonmístéir gheilleagar agus shochoaí na hÉireann, is sinne an eagraíocht cheart duit. Don iarrthóir ceart, tabharfar an deis duit scileanna a fhorbairt agus taithí a fháil ar rialáil, ceapadh beartas, anailís airgeadais, oibriú i bhfoireann, cumarsáid ó bhéal agus scríofa, bainistíocht agus idirbheartaíocht páirtithe leasmhara.

Mar Anailísí, cuirfear dúshlán romhat d'eolas teicniúil a fhorbairt chun cur le do thacar saincileanna agus saineolas rialála. Cuirfidh an Coimisiún um Rialáil Fóntais tacaíocht agus oiliúint leanúnach ar fáil duit agus beidh dóthain deiseanna ar fáil chun forbairt ghairmiúil a dhéanamh, a cheadóidh duit do chumas a uasmhéadú chun beartas casta rialála a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm.

Déanfar thú a shuíomh i rannán amháin, nó i measc na rannán seo a leanas;

- Gnóthaí Uisce, Comhlíonta agus Custaiméirí
- Sábháilteacht Fuinnimh
- Margaí Fuinnimh agus Méadrú Cliste
- Líonraí Fuinnimh agus Cúrsaí Dlí

Cur Síos ar an Ról

Tuairisceoidh an t-iarrthóir rathúil le bainisteoir agus beidh ról ilchineálach acu agus oibreoidh siad i leith spriodhataí diana i dtimpeallacht dhinimiciúil. Is gnách go n-áirítear gníomhaíochtaí cosúil leis an méid seo a leanas le ról Anailísí an Coimisiún um Rialáil Fóntais:

Ginearálta

- Páipéir chomhairliúcháin agus chinnidh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a ullmhú, tuarascálacha a ullmhú agus cuir i láthair a dhéanamh go himmheánach agus go seachtrach araon;
- Oibriú mar bhall d'fhoireann agus ar fhoirne tionscadail ilréimsiúla ar leith, faoi mar a theastaíonn;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar bhealach cuiditheach chun cur le cuspóirí an Coimisiún um Rialáil Fóntais;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le contraphárteanna i dTuaisceart Éireann, an Bhreatain Mhór nó an AE maidir le beartas uile-oileáin nó an AE, forbairtí margaidh nó tionscail;
- Feasacht ar fhorbairtí agus dea-chleachtas beartais laistigh den tionscal fuinnimh agus uisce agus tionscail ghaolmhara in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Rialáil Fuinnimh / Uisce nó Gheilleagrach

- Taighde a dhéanamh ar shaincheistean beartais agus sonraí/treochtaí fuinnimh agus uisce a shainaithint, agus é seo a úsáid chun cúrsaí gnímh do bheartais a mholadh don Coimisiún um Rialáil Fónais;
- Anailís a dhéanamh ar scarbhileoga agus sonraí fuinnimh/uisce, agus samhaltú airgeadais a eagrú, mar shampla, praghas mórdhíola an leictreachais a mheas;

Sábháilteacht Fuinnimh

- Tacú le foireann theicniúil nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar chásanna sábháilteachta;
- Cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar a n-oibleagáidí agus a gceadanna sábháilteachta a bheith á gcomhlíonadh ag an tionscal;
- Tacú le hiniúchtaí sábháilteachta, cigireachtaí agus le hanailís a dhéanamh ar thuarascálacha feidhmíochta; agus
- Tacú le himscrúduithe agus gníomhartha forfheidhmiúcháin an Coimisiún um Rialáil Fónais a eisiúint.

Níl an liosta thuas críochnaitheach.

Cé go sannfar an t-iarrthóir rathúil d'fhoireann ar leith laistigh den Coimisiún um Rialáil Fónais, beidh súil leis freisin go gcuirfidh siad le hobair an Rannáin/an Coimisiún um Rialáil Fónais níos fairsinge faoi mar a bhíonn ag teastáil.

An tIarrthóir – Critéir Riachtanacha:

- Céim tríú leibhéal (NFQ Leibhéal 8), 2.1 nó níos airde, is fearr an eacnamaíocht, dlí, innealtóireacht, eolaíocht, sláinte agus sábháilteacht (sábháilteacht phróisis), gnó nó disciplín eile a bhaineann go dlúth leis.
- Taithí íosta bhliana ábhartha ar fhuinneamh, sábháilteacht, uisce, tionscal próisis nó in earnáil ghaolmhar.
- Caithfidh scileanna maithe anailíseacha a bheith acu, chun gur féidir leo an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - i. saincheistean beartais phoiblí a shainaithint agus a shainiú go soiléir;
 - ii. anailís ar scarbhileog a dhéanamh;
 - iii. anailís bhunúil gheilleagrach, beartais agus airgeadais a dhéanamh ar chaighdeán gairmiúil;
 - iv. monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht leanúnach an tionscail maidir le sábháilteacht;
 - v. roghanna beartais a dhearadh agus a mheasúnú ó dhearcadh neamhspleách agus oibiachtúil;
 - vi. Saincheistean casta teicniúla, rialála, agus tráchtála a shintéisiú isteach i bhfoirm atá oiriúnach lena chur i láthair don bhainistíocht.

- Is féidir leo a thaispeáint go bhfuil sárscileanna cumarsáide ó bhéal agus scríofa acu chun gur féidir leo an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - i. anailís agus comhairle beartais a chur i láthair na bainistíochta;
 - ii. cáipéisí beartais cuimsitheacha, dea-struchtúrtha agus mionsonraithe a dhréachtú;
 - iii. cuir i láthair a ullmhú agus a dhéanamh nuair is gá don bhainistíocht;
 - iv. Cabhrú leis an bhfoireann shinsearach comhairle faoi bheartas a sholáthar do chinnteoirí.

- Scileanna féinbhainistíochta agus an spreagadh a bheith acu chun gur féidir leo an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - i. a n-am oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtúil;
 - ii. measúnú a dhéanamh ar thosaíochtaí laistigh dá limistéar féin oibre;
 - iii. Gnáthobair a láimhseáil agus maoirseacht theoranta á déanamh.

- Caithfidh gur féintionscnóir ildánach iad ar féidir leo an méid seo a leanas a thaispeáint:
 - i. solúbthacht i measc foirne a bhfuil sainchúraim éagsúla acu
 - ii. tá spéis mhór acu i mbeartas poiblí;
 - iii. tá meon dearfach acu i dtaobh a gcuid oibre;
 - iv. tá siad toiliúil oibriú mar chuid d'fhoireann idirghníomhach;
 - v. tá siad toiliúil glacadh le dúshlán nua;
 - vi. an cumas líonraí maithe a fhorbairt agus a choimeád go himmheánach agus go seachtrach, agus coimeád cothrom le dáta leis an litríocht acadúil maidir lena bpríomhlimistéir oibre;
 - vii. An cumas leanúint ag díriú go fairsing ar, agus le spéis a léiriú in, cúrsaí reatha a bhaineann leis an gCoimisiún.

An Pacáiste

Tá pacáiste mealltach á chur ar tairiscint againn:

- i. Tuarastal tosaigh €36,757 (Scála Tuarastail: €36,257 - €53,030)
Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go n-iontrálfar an scála ar an bpointe íosta agus is féidir é a choigeartú ó thráth go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.
Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh pá agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an ceapaí díreach sula ndéantar an ceapachán.
- ii. Scéim Pinsin
- iii. Is féidir breisíochtaí a bhronnadh má bhítear sásta leis an bhfeidhmíocht.
- iv. Beidh teacht ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- v. Is é an tsaoire bhliantúil don phost seo 25 lá, agus 29 lá i ndiaidh seirbhís 5 bliana agus 31 lá i ndiaidh seirbhís 10 mbliana
- vi. Tabharfar 9 lá saoire bhainc/phoiblí saor ón obair
- vii. Beidh socruithe solúbtha oibre ar fáil
- viii. An deis chun bheith ag obair ó chian suas go 3 lá sa tseachtain
- ix. Cuirfear iompar saor ó cháin ar fáil ar an mbus / Luas chun cabhrú le hóc as costais taistil go dtí agus ón obair

- x. Beidh teacht ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe
- xi. Beidh deis amach anseo tabhairt faoi bhreisoideachas

An Próiseas Iarratais

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil RSM Ireland fostaithe ag an Coimisiún um Rialáil Fóntais mar phróiseálaí sonraí chun cabhrú leis an gcomórtas earcaíochta seo. Baileoidh RSM Ireland eolas iarratais agus déanfaidh siad measúnú ar oiriúnacht thar ceann an Coimisiún um Rialáil Fóntais. Coimeádfar an t-eolas a bhaileoidh RSM Ireland ar feadh 12 mhí i ndiaidh go dtabharfar an comórtas chun críche.

Ba cheart C.V. agus litir chumhdaigh a sheoladh (ar ríomhphost) chuig Abigail Gannon ag CRUcareers@rsmireland.ie. Déan tagairt, le do thoil, do theideal an phoist i líne ábhair an ríomhphoist.

Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil, le do thoil, le CRUcareers@rsmireland.ie.

Is é an spriocdháta d'iarratais an **18 Feabhra 2022** (agus ní mór iad a fháil faoi 5 a chlog sa tráthnóna ag a deireanaí)

Ba cheart go léirítear go soiléir ar an litir chumhdaigh conas a shásaíonn tú príomhriachtanais an róil. Is féidir leat a thabhairt le fios freisin más fearr leat oibriú i ranná(i)n ar leith.

- Gnóthaí Uisce, Comhlíonta agus Custaiméirí
- Sábháilteacht Fuinnimh
- Margaí Fuinnimh agus Méadrú Cliste
- Líonraí Fuinnimh agus Cúrsaí Dlí

Tabhair faoi deara, le do thoil: Is féidir le hiarrthóirí rathúla a thabhairt le fios más fearr leo oibriú i limistéar/rannán ar leith dá socrúchán tosaigh. Ní féidir a chinntiú, áfach, go gcuirfear socrúchán ar fáil d'iarrthóirí ina rogha limistéir/rannáin agus tabharfar tús áite d'fholúntais a líonadh i rannóga ar leith.

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí a chuirfear ar an ngearrliosta freastal ar agallamh agus is féidir iarraidh orthu cur i láthair gearr a dhéanamh ar chúram a sheolfar ar aghaidh roimh an agallamh. Is féidir próiseas agallamh dhá chéim a chur i bhfeidhm freisin. Is féidir leis an Coimisiún um Rialáil Fóntais gearrliosta a chur le chéile d'iarrthóirí oiriúnacha do phoist a d'fhéadfadh teacht aníos amach anseo laistigh den eagraíocht.

Leagtar amach i bhFógra Príobháideachais an Coimisiún um Rialáil Fóntais conas a chosnaímid cearta príobháideachais iarratasóirí poist agus is féidir teacht air ar leathanach Gairmeacha Beatha Láithreán Gréasáin an Coimisiún um Rialáil Fóntais (<https://www.cru.ie/wp-content/uploads/2018/05/GDPR-Recruitment-Data-Privacy-Notice-May-2018.pdf>), nó, mar rogha air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le CRUcareers@rsmireland.ie a shocróidh go seolfar é seo go díreach chugat.